2026/2258

8.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2258 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643 ([1]).

(2) An 16 Meán Fómhair 2026, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa tuarascáil inar thug sí rabhadh i gcoinne bagairtí hibrideacha méadaithe i gcoinne an Aontais agus inar éiligh sí freagairt níos daingne ón Aontas. Tugadh le fios sa tuarascáil gurb í an Rúis an gníomhaí stáit is tromchúisí ó thaobh bagairtí hibrideacha de a dhíríonn ar an Aontas.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2024/2643, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 9 Deireadh Fómhair 2027.

(4) Measann an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le hochtar daoine nádúrtha i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú, agus gur cheart an iontráil a bhaineann le duine nádúrtha amháin a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, an chéad mhír, cuirtear an dáta '9 Deireadh Fómhair 2027' in ionad an dáta '9 Deireadh Fómhair 2026';

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 mar a leanas:

(1) scriostar an iontráil seo a leanas ón tábla ‘A. Daoine nádúrtha’:

‘11. Olga Alekseevna BELYAVTSEVA’;

(2) i dTábla ‘A. Daoine nádúrtha’, cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 4, 6, 20, 23, 27, 28, 29 agus 57:

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘4.	Andrey Vladimirovich AVERYANOV (Rúisis: Андрей Владимирович АВЕРЬЯНОВ)	Feidhm: Leas-stiúrthóir ar Phríomh-Ard Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU), Ceannasaí aonad 29155 de chuid GRU, Maorghinearál Dáta breithe: 29.9.1967 Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach (INN): 773378888007	Is leas-stiúrthóir ar Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU) é Andrey Averyanov. Tar éis bhás Yevgeny Prigozhin agus athstruchtúrú an Wagner Group, rinneadh ceannasaíocht oibríochtaí míleata na Rúise san Afraic a athstruchtúrú agus a chur faoi Africa Corps faoi scáth Aireacht Cosanta na Rúise, agus cuireadh Averyanov i gceannas ar na hoibríochtaí. I roinnt mhaith tíortha san Afraic, cuireann fórsaí na Rúise slándáil ar fáil do ghiuntaí míleata a chuir rialtais dhaonlathacha dhlisteanacha as cumhacht, agus a bhfuil cobhsaíocht, slándáil agus daonlathas na dtíortha sin ag dul in olcas dá mbarr. Ina theannta sin, baineann fórsaí na Rúise san Afraic leas as na hacmhainní nádúrtha atá ann chun a n-oibríochtaí a mhaoiniú. Ag tús 2024, ghlac fórsaí na Rúise smacht ar mhianach óir Intahaka i Mailí. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí nó beartais de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme ag Andrey Averyanov lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i dtríú tíortha, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach sna tíortha Afracacha ina n-oibríonn fórsaí na Rúise agus trí leas a bhaint as coinbhleacht armtha, as an éagobhsaíocht nó as an neamhshlándáil, lena n-áirítear trí acmhainní nádúrtha agus fiadhúlra a thrádáil go haindleathach nó leas a bhaint astu go haindleathach i dtríú tír.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
6.	Vladimir Vladimirovich SERGIYENKO (Rúisis: Владимир Владимирович СЕРГИЕНКО)	Feidhm: Iar-chúntóir an Chomhalta de chuid an Bundestag, Eugen Schmidt Dáta breithe: 23.5.1971 Áit bhreithe: Lviv, PPS na hÚcráine (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach/Úcránach Inscne: fireann	Is é Vladimir Sergiyenko iar-chúntóir parlaiminteach an Chomhalta de chuid Bundestag na Gearmáine, Eugen Schmidt. Ag an am céanna, chuaigh Sergiyenko i gcomhar go gníomhach le hoifigigh faisnéise na Rúise agus é ag iarraidh leas a bhaint as an rochtain phribhléideach pharlaiminteach agus pholaitiúil a bhí aige chun dochair don phróiseas polaitiúil daonlathach agus ord bunreachtúil Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine. Tá sé ina óstach freisin ar chlár raidió Rúiseach “Eurozone” ar Vesti FM agus óstálann sé deighleoga raidió go rialta ar Balt News. Baineann sé úsáid as na hardáin sin chun bréagaisnéis a scaipeadh faoin Aontas Eorpach agus faoina Bhallstáit. Dá bhrí sin, chuir Vladimir Sergiyenko gníomhaíochtaí nó beartais de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise chun feidhme agus thacaigh sé leo, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den tslándáil san Aontas agus ina Bhallstáit, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí pháirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh i mbac a chur ar an bpróiseas polaitiúil daonlathach nó tríd an mbonn a bhaint de, agus trí pháirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh in úsáid ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis agus trí thacú leis an úsáid sin.	16.12.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/258/oj

IO L, 8.10.2026

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
20.	Hüseyin DOGRU	Náisiúntacht: Gearmáinis Inscne: fireann	Is é Hüseyin Doğru bunaitheoir agus ionadaí AFA Medya A.Ş., cuideachta meán atá lonnaithe in Iostanbúl. Oibríonn AFA Medya A.Ş. an t-eintiteas "RED", atá comhdhéanta de roinnt ardáin meán agus a bhfuil dlúthnaisc airgeadais agus eagraíochtúla aige le heintitis bolscaireachta stáit na Rúise agus le gníomhaithe bolscaireachta stáit na Rúise agus roinneann sé naisc struchtúracha dhoimhne lena n-áirítear idirnaisc idir pearsanra aonair agus uainíocht pearsanra aonair le heagraíochtaí meán stáit na Rúise. Bhain RED úsáid as a ardáin meán – agus é ag foilsiú go minic faoi "redstreamnet" nó "thered.stream" – chun faisnéis bhréagach a scaipeadh go córasach maidir le hábhair atá conspóideach go polaitiúil d'fhonn easaontas eitneach, polaitiúil agus reiligiúnach a chruthú i measc a spriocphobail, ar Gearmánaigh iad den chuid is mó, lena n-áirítear trí insintí grúpaí sceimhlitheoireachta radacacha Ioslamacha, mar shampla Hamas, a scaipeadh. Le linn forghabháil fhoréigneach ar ollscoil sa Ghearmáin arna déanamh ag lucht círéibe frith-Iosrael, rinne pearsanra RED comhordú leis na háititheoirí chun íomhánna dá loitiméireacht a scaipeadh – inar baineadh úsáid as siombailí Hamas – trína gcainéil ar líne, rud a chuir ardán eisiach meán ar fáil dóibh agus a d'éascaigh cineál foréigean na hagóide. Leanann Hüseyin Doğru d'fhaisnéis bhréagach a scaipeadh trí AFA Medya A.Ş. agus trína chuntais meán sóisialta féin. Dá bhrí sin, trí AFA Medya A.Ş. agus trína chuntais meán sóisialta féin, tacaíonn Hüseyin Doğru le gníomhaíochtaí Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, lena n-áirítear trí thacú go hindíreach le léirsithe foréigneacha agus iad a éascú agus trí ionramháil chomhordaithe ar fhaisnéis a dhéanamh.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
23.	Alina LIPP	Feidhm: comhfhreagraí cogaidh Dáta breithe: 17.9.1993 Áit bhreithe: Hamburg Náisiúntacht: Gearmánach Inscne: baineann	Tá blag ag Alina Lipp dar teideal “Neues aus Russland”, blag ina scaipeann sí go córasach mífhaisnéis faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ina ndéanann sí rialtas na hÚcráine a dhídhlisteanú, go háirithe d’fhonn dul i gcion ar mheon phobal na Gearmáine i leith na tacaíochta a thugann siad don Úcráin. Tacaíonn Stát na Rúise leis na gníomhaíochtaí sin. Ina theannta sin, tá a ról mar chomhfhreagraí cogaidh de chuid fhórsaí armtha na Rúise in oirthear na hÚcráine á úsáid aici chun bolscaireacht chogaidh na Rúise a scaipeadh. Bíonn sí le feiceáil go rialta ar chláracha siamsaíochta agus bolscaireachta do thrúpaí ar an gcainéal teilifíse míleata Rúiseach Zvezda. Dá bhrí sin, tá Alina Lipp ag dul i mbun gníomhaíochtaí de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus tacaíonn sí leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den tslándáil agus den chobhsaíocht san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin) trí úsáid a bhaint as ionramháil agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis, agus trí choinbhleacht armtha a éascú i dtríú tír.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
27.	Iurie NECULITI (Rúisis: Юрие НЕКУЛИТИ)	Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin Stark Industries Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive Inscne: fireann Seoladh: 71-75 Shelton Street, Covent Garden, Londain, an Ríocht Aontaithe; Chisinau, Poblacht na Moldóive Áit bhreithe: Bender, an Mholdóiv	Bhí Iurie Neculiti ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Stark Industries Solutions Ltd., seirbhís óstála gréasáin atá cláraithe mar chuideachta poist sa Ríocht Aontaithe. D'óstáil an chuideachta freastalaithe, agus suíomhanna freastalaithe ar fud an domhain aici. In 2025, aistríodh bonneagar teicniúil Stark Industries Solutions Ltd. chuig eintiteas nuabhunaithe, is é sin WorkTitans B.V., a bhí ina chuideachta chaoch, ach d'áirithigh an dara heintiteas, MIRhosting, go raibh an chéad cheann acu nasctha leis an idirlíon. Luaitear Iurie Neculiti agus Ivan Neculiti mar na tairbhithe a chuir an méid sin ar bun, rud a léiríonn go ndearnadh iarracht céannacht na n-úinéirí a dhoiléiriú agus seirbhísí óstála a choinneáil ar bun faoi eintitis dhlíthiúla agus líonraí nua. Cuireann an líonra eintiteas sin ar chumas gníomhaithe éagsúla atá urraithe ag stát na Rúise agus atá cleamhnaithe leis gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha a dhéanamh, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis agus cibirionsaithe ar an Aontas agus ar thríú tíortha trí sheirbhísí a sholáthar atá beartaithe chun na gníomhaíochtaí sin a cheilt ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála na hEorpa. Dá bhrí sin, ina cháil mar iar-phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Stark Industries Solutions Ltd., agus mar thairbhí dá chuideachtaí caocha, tá Iurie Neculiti ag tacú le gníomhaíochtaí de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise lena gcuirtear an daonlathas agus an smacht reachta, an chobhsaíocht nó an tslándáil san Aontas, i gceann dá Bhallstáit agus i dtríú tír, i mbaol trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a éascú agus trí ghníomhaíochtaí a éascú atá dírithe ar fheidhmiú institiúidí daonlathacha, gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó seirbhísí ar mhaithe le leas an phobail. Tá baint ag Iurie Neculiti le Ivan Neculiti, Stark Industries, WorkTitans B.V. agus MIRHosting.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
28.	Ivan NECULITI (Rúisis: Иван НЕКУЛИТИ)	Feidhm: Úinéir Stark Industries agus PQ Hosting Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive Inscne: fireann Seoladh: 71-75 Shelton Street, Covent Garden, Londain, an Ríocht Aontaithe; Chisinau, Poblacht na Moldóive Áit bhreithe: Bender, an Mholdóiv	Bhí Ivan Neculiti ina úinéir ar Stark Industries Solutions Ltd., seirbhís óstála gréasáin atá cláraithe mar chuideachta poist sa Ríocht Aontaithe. D'óstáil an chuideachta freastalaithe, agus suíomhanna freastalaithe ar fud an domhain aici. In 2025, aistríodh bonneagar teicniúil Stark Industries Solutions Ltd. chuig eintiteas nuabhunaithe, is é sin WorkTitans B.V., a bhí ina chuideachta chaoch, ach d'áirithigh an dara heintiteas, MIRhosting, go raibh an chéad cheann acu nasctha leis an idirlíon. Luaitear Iurie Neculiti agus Ivan Neculiti mar na tairbhithe a chuir an méid sin ar bun, rud a léiríonn go ndearnadh iarracht céannacht na n-úinéirí a dhoiléiriú agus seirbhísí óstála a choinneáil ar bun faoi eintitis dhlíthiúla agus líonraí nua. Cuireann an líonra eintiteas sin ar chumas gníomhaithe éagsúla atá urraithe ag stát na Rúise agus atá cleamhnaithe leis gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha a dhéanamh, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis agus cibirionsaithe i gcoinne an Aontais agus tríú tíortha, trí sheirbhísí a sholáthar atá beartaithe chun na gníomhaíochtaí sin a cheilt ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála na hEorpa. Tá baint ag Ivan Neculiti le Iurie Neculiti, Stark Industries, WorkTitans B.V. agus MIRHosting. Dá bhrí sin, mar iar-úinéir Stark Industries Solutions Ltd., agus mar thairbhí taobh thiar dá chuideachtaí caocha, tá Ivan Neculiti ag tacú le gníomhaíochtaí de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise lena gcuirtear an daonlathas agus an smacht reachta, an chobhsaíocht nó an tslándáil san Aontas, i gceann dá Bhallstáit agus i dtríú tír, i mbaol trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a éascú agus trí ghníomhaíochtaí a éascú atá dírithe ar fheidhmiú institiúidí daonlathacha, gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó seirbhísí ar mhaithe le leas an phobail.	20.5.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/258/oj

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
29.	Andrei KHARKOVSKY (Rúisis: Андрей ХАРКОВСКИЙ)	Feidhm: Príomhchomhalta de Union of Cossack Warriors of Russia and Abroad (Aontas Fhorsaí Cosacach na Rúise agus na bhFórsaí Cosacach Eachtrach) Náisiúntacht: Rúiseach Áit Bhreithe: Réigiún Tomsk, an Rúis Inscne: fireann Seoladh: an Ghearmáin	Saoránach de chuid na Rúise a bhfuil cónaí air sa Ghearmáin is ea Andrei Kharkovsky. Tacaíonn Kharkovsky leis an Union of Cossack Warriors of Russia and Abroad (Aontas Fhórsaí Cosacach na Rúise agus na bhFórsaí Cosacach Eachtrach) agus le heagraíochtaí comhchosúla Rúiseacha Cosacacha, lena n-áirítear trí chruinnithe míleata a eagrú dá mbaill sa Ghearmáin. Is eintiteas é Aontas Fhórsaí Cosacach na Rúise agus na bhFórsaí Cosacach Eachtrach atá nasctha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus a ghlacann páirt i gcogadh foghach na Rúise agus i ngníomhartha foréigin san Úcráin chun tacú le scarúnaithe atá ar son na Rúise faoi scáth “misean stairiúil” chun smacht na Rúise ar dheisceart agus oirthear na hÚcráine a athbhunú. Thairis sin, tá baint ag Kharkovsky le Elena Kolbasnikova agus Rostislav Teslyuk, lena n-áirítear trí sheirbhísí slándála a chur ar fáil le linn imeachtaí inar tharla ócáidí tiomsaithe airgid do scarúnaithe ar son na Rúise san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Andrei Kharkovsky ag tacú le gníomhaíochtaí Rialtas na Rúise lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de shlándáil na hÚcráine trí thacú leis an mbonn a bhaint den ord poiblí agus den tsábháilteacht phoiblí, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh ord bunreachtúil na hÚcráine a threascairt. Tacaíonn sé freisin le daoine nádúrtha a thacaíonn le gníomhaíochtaí de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn de shlándáil tríú tír (an Úcráin) agus lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i mBallstát trí ghníomhaíochtaí arb é is cuspóir leo an bonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach sa Ghearmáin.	20.5.2025
57.	Jacques BAUD	Feidhm: iar-choirnéal in arm na hEilvéise; iar-anailísí straitéiseach, speisialtóir faisnéise agus sceimhlitheoireachta DÁTA BREITHE: 1.4.1955 Náisiúntacht: Eilvéiseach Inscne: fireann	Bíonn Jacques Baud, iarchoirnéal in airm na hEilvéise agus anailísí straitéiseach, mar aoi go rialta ar chláir theilifíse agus raidió atá ar son na Rúise. Is bolscaire ar son na Rúise é agus cruthaíonn sé teoiricí comhcheilge, mar shampla, bheith ag cur i leith na hÚcráine go raibh sí féin taobh thiar den ionradh a rinneadh uirthi chun go rachadh sí isteach in ECAT. Tá Jacques Baud freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, lena mbaintear an bonn den daonlathas agus lena gcuirtear cobhsaíocht nó slándáil i dtríú tír i mbaol, a chur chun feidhme nó as tacú leo, trína bheith páirteach in úsáid na hionramhála agus an chur isteach ar fhaisnéis.	15.12.2025’